An Timpeallacht Gheilleagrach

Táthar ag éirí níos dóchasaí go bhféadfadh an cor chun donais sa gheilleagar idirnáisiúnta i gcoitinne agus i ngeilleagar na hEorpa bheith tagtha chuig pointe casaidh. Beidh athshlánú na hÉireann ón lagtrá eacnamaíoch níos moille ná in áiteanna eile, áfach. Tugann na réamhaisnéisí is déanaí ón mBanc le tuiscint gur cosúil go leanfaidh an laige i ngníomhaíocht gheilleagrach na hÉireann ar aghaidh go dtí an chéad leath de 2010, bíodh is go bhfuil moilliú ag teacht ar luas an mheatha sa ghníomhaíocht eacnamaíoch. Leanfaidh na drochthionchair a thagann ó aisiompú na míchothromaíochtaí móra intíre a cruthaíodh i rith an bhorrtha níos luaithe de bheith ag cur sriain ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus tá an téarnamh i gcónaí faoi réir ag gaotha cinn suntasacha. Táthar ag fortheilgean nach maolóidh siad seo ach de réir a chéile, agus is cosúil, nuair a tharlaíonn an t-athshlánú, go mbeidh sé cuíosach measartha ar dtús. Baineann cuid mhaith neamhchinnteachta i gcónaí leis an ionchas.

Tar éis meatha de 3 faoin gcéad ar an OTI anuraidh, dealraíonn sé go leanfar é seo le meath eile de thimpeall 8 faoin gcéad sa bhliain 2009. Cé go bhféadfadh cobhsú a bheith ann agus go bhfeadfaí filleadh ar fhás measartha ina dhiaidh sin i rith na bliana atá le teacht, táthar ag fortheilgean go mbeidh an OTI don bhliain 2010 ina iomláine timpeall 2¼ níos ísle ná mar a bhi sa bhliain 2009.

Brathann an t-ionchas seo ar inbhuanaitheacht an téarnaimh atá ag teacht chun cinn inár bpríomhchomhpháirtithe trádála agus ba chóir go gcuideodh sé seo chun tacú le fás in onnmhairí Éireannacha. Is cosúil, áfach, go bhfanfaidh an t-éileamh intíre lag go dtí 2011 ar a luaithe.

Mar gheall ar an gcúlra seo, agus ag coimeád i gcuimhne go mbíonn fostaíocht chun deiridh ar aschur de ghnáth, tá na hionchais do mhargadh an tsaothair neamhfhabhrach i gcónaí agus, bunaithe ar an ionchas go mbeidh titim éigin i rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus san imirce amach, táthar ag fortheilgean go mbeidh meánráta dífhostaíochta de 14 faoin gcéad ann sa bhliain 2010. I bhfianaise an éilimh lag ar lucht saothair, beidh claonadh ag pá titim san earnáil phríobháideach, i dtéarmaí ainmniúla ar a laghad. Ba chóir go gcuideodh sé seo chun cuid den mheathlúchán suntasach in iomaíochas i gcomparáid lenár bpríomhchomhpháirtithe trádála, a tharla ó bhlianta tosaigh an chéad seo, a laghdú.

Leagann luachmhéadú úrnua an euro in aghaidh dollar na Stát Aontaithe agus steirling araon béim ar cé chomh tábhachtach is atá sé leanúint ar aghaidh le bearta chun iomaíochas a fheabhsú chun a chinntiú go mbainfidh ár n-onnmhairí tairbhe as an gcor chun feabhais idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn.

Bhí an crapadh a tharla sa ghníomhaíocht eacnamaíoch ó 2007 i leith thar a bheith dian. Siúd is go raibh an cor chun donais tosaigh sa ghníomhaíocht á thiomáint ag an meath géar in earnáil na foirgníochta, leathnaigh sé seo amach i dtreo is gur lagaíodh an t-éileamh intíre go suntasach rud a fairsingíodh go mór le tionchar na suaiteachta sa mhargadh domhanda airgeadais, cliseadh na trádála domhanda agus meathlú géar inár bpríomhchomhpháirtithe trádála go léir. Siúd is go n-eascraíonn cuid mhór dár bhfadhbanna reatha ón saghas fáis gheilleagraigh a bhí againn sna blianta roimh 2007, ag féachaint don gheilleagar sár-oscailte atá againn, ní fhéadfadh Éire éalú ó iarmhairt an choir chun donais dhomhanda arbh é an toradh a bhí air ná gur thit an t-aschur i bhformhór ár gcomhpháirtithe trádála.

Tugann an treocht sna heochairtháscairí míosúla, maraon leis an bhfianaise ó shuirbhéanna seintiminte, le tuiscint gur tharla an tréimhse is déine den chrapadh geilleagrach sa cheathrú ráithe den bhliain 2008 agus sa chéad ráithe den bhliain 2009. Ag an am sin, bhí an laige suntasach

geilleagrach intíre á mhéadú ag tionchar ardleibhéal na strus sna margaí airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, tar éis cliseadh Lehman Brothers agus freisin mar gheall ar chrapadh an-chomhuaineach san éileamh agus san aschur ar fud an gheilleagair dhomhanda. Ó shin i leith, áfach, tugann fianaise ó neart táscairí le tuiscint, sna ráithí is déanaí, cé go bhfuil an geilleagar i gcónaí ag crapadh, go bhfuil maolú tagtha ar luas an mheatha ón luas tapa a bhí le feiceáil idir an Fómhar seo caite agus Earrach na bliana seo. Thaispeán miondíolacháin, a thit go géar níos túisce sa bhliain, roinnt comharthaí go bhfuil feabhas ag teacht orthu le míonna beaga anuas, cé go bhfuil siad fós an-lag. Ar an gcuma chéanna, i margadh an tsaothair, mhoilligh an t-ardú míosúil sa dífhostaíocht, a bhí taréis fás go han tapa, i gcomparáid leis an ráta méadaithe sa chéad ráithe. Thairis sin, tugann suirbhéanna seintiminte le tuiscint freisin, cé go bhfuil an ghníomhaíocht ag crapadh i gcónaí, go bhfuil luas an mheatha ag maolú.

Má thógtar na nithe seo le chéile, d'fhéadfadh siad ciallú go bhfuiltear ag bogadh de réir a chéile den chéad uair i dtreo cobhsaithe na gníomhaíochta eacnamaíche, bíodh go bhfuil sé seo ag leibhéil an-ísle. Tá na hionchais do gheilleagar na hÉireann deacair agus dúshlánach i gcónaí, áfach. Beidh an t-aschur sa bhliain 2010, arna thomhas ag OTI, timpeall 14 faoin gcéad faoi bhun an leibhéil a bhí ann sa bhliain 2007, crapadh atá thar a bheith dian agus nach bhfacthas riamh roimhe seo in Éirinn ó thosaíodh ar na Cuntais Náisiúnta a thiomsú ar bhonn rialta níos mó ná leathchéad bliain ó shin. Mar gheall ar an titim san aschur, nach bhfuil críochnaithe fós, tá caighdeáin maireachtála á n-ísliú go suntasach. Is léir anois gur léim caighdeáin caiteachais agus maireachtála chuig leibhéil neamhinbhuanaithe ag barr an bhorrtha. Toisc dlúthbhaint a bheith acu leis an athchothromú leantach laistigh den gheilleagar, a chaithfidh a sheal a thabhairt fós, féadtar a bheith ag súil go bhfanfaidh foinsí intíre an éilimh lag ar feadh i bhfad. Bheadh claonadh aige seo srian a chur le téarnamh ar bith sna margaí saothair.

Os rud é gur cosúil go mbeidh an t-éileamh intíre lag, ba chóir fáilte a chur roimh comharthaí tosaigh de théarnamh sa gheilleagar idirnáisiúnta, agus má leantar leo, cuirfidh siad roinnt tacaíochta ar fáil do ghníomhaíocht eacnamaíoch. Is cosúil gur ó fhás atá á threorú ón taobh amuigh is mó a thiocfaidh an téarnamh do gheilleagar na hÉireann. Ní mór iomaíochas a athbhunú sa gheilleagar ina iomláine, áfach, chun a chinntiú gur féidir linn, in Éirinn, leas a bhaint as téarnamh domhanda.

Níor chóir ligint don dul ar gcúl géar tobann a tharla, áfach, na láidreachtaí téagartha agus na héachtaí geilleagracha inláimhsithe a rinneadh le blianta beaga anuas a cheilt. Sula ndeachthas thar fóir agus roimh míchothromaíochtaí na mblianta ag tús agus i lár na 2000idí, d'éirigh le geilleagar na hÉireann sár-leibheál táirgeachta agus feidhmíochta a bhaint amach atá inchomparáide le haon tír eile. Tá na láidreachtaí bunúsacha a chuidigh chun an fheidhmíocht seo a chinntiú i láthair fós. Má chuirimd leis na láidreachtaí seo agus má athbhunaímid solúbthacht agus inoiriúnaitheacht gheilleagair a bhfuil bonn láidir scileanna aige, cuideoidh sé seo chun filleadh níos luaithe ar fhás sa mheántéarma. Brathann ár gcumas chun an poitéinseal seo a fhíorú go mór ar an éifeachtacht lena dtugaimid aghaidh ar na dúshláin reatha.

Mar thoradh ar an timpeallacht gheilleagrach agus airgeadais atá an le blianta beaga anuas tá ar an mbeartas buiséadach agus ar an mbeartas geilleagrach agus airgeadais i gcoitinne aghaidh a thabhairt ar dhúshláin úrnua ar fad. De bharr na ndúshlán seo atá os ár gcomhair, is léir cad atá ag teastáil ó thaobh beartais de — cobhsú agus athshlánú earnáil na baincéireachta a chomhdhlúthú i dtreo is go gcuireann sé taca faoin bhfás, ord agus eagar a athbhunú san airgeadas poiblí agus iomaíochas a bhaint amach arís.

I bhfianaise scála agus nádúir an choir chun donais sa ghníomhaíocht eacnamaíoch, iarmhairtí straitéisí lochtacha maidir le hiasachtú agus na soláthairtí troma atá riachtanach dá bharr le haghaidh caillteanas ar iasachtaí, bhí ar na bainc Éireannacha aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an-deacra le bliain

anuas, go háirithe maidir lena maoiniú agus le barúlacha dhiúltacha an mhargaidh. Mar fhreagra air seo, ghlac an Rialtas sraith de ghníomhartha le bliain anuas a bhí ceaptha chun na dálaí inar féidir leis na bainc leanúint ar aghaidh de bheith ag tabhairt iasachtaí d'iasachtaithe inchairde agus san am chéanna na caighdeáin riachtanacha de chaipitil agus leachtachta a chomhlíonadh, a chinntiú. Go háirithe, chuidigh scéim ráthaíochta an Rialtais chun taisceoirí bainc a chur ar a suaimhneas agus chun a chinntiú go mbeidh teacht ag na bainc ar chistí iniasachta eile ar bhonn leantach. Rinne an caipiteal riosca a d'insteall an Rialtas cúiteamh ar shlí as na caillteanais ar iasachtaí agus chuidigh sé leis na bainc is mó cóimheasa caipitil leordhóthanacha Sraith a hAon a choimeád. Is eochairthomhas é seo den sócmhainneacht atá acu, rud a bhfuil soláthróirí cistí iniasachta ag díriú níos mó aird air i gcónaí.

Chun fóntacht na mbanc a chomhdhlúthú a thuilleadh agus chun chuid den neamhchinnteacht a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag caillteanais iasachtaí ar a neamhchosaint ar iasachtaí tailte agus forbartha agus iasachtaí gaolmhara áirithe, thug an Rialtas reachtaocht isteach chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) a bhunú. Meastar go gceannóidh NAMA talamh, iasachtaí forbartha réadmhaoine agus iasachtaí le haghaidh infheistíochta i réadmhaoin a bhfuil luach atá measta de réir na leabhair ag €77 billiún acu ag 'luach eacnamaíoch fadtéarmach' de €54 billiún. Tá sé curtha in iúl ag an Rialtas go bhfuil sé mar aidhm ag NAMA a chinntiú go neartaítear cláir chomhardaithe na mbanc agus go laghdaítear an neamhchinnteacht faoi dhrochfhiacha. Ba chóir go gcuideodh sé seo chun a chinntiú go mbeidh sreabhadh athnuaite creidmheasa ar fáil ar bhonn tráchtála do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Chuir an Rialtas in iúl freisin go mbeidh sainordú tráchtála ag an nGníomhaireacht agus go mbeidh sé mar chuspóir aici ioncam agus luach caipitil na sócmhainní atá faoina cúram a uasmhéadú le himeacht ama. Is cosúil go mbeidh caipiteal breise ag teastáil ó roinnt institiúidí chun na caillteanais a tharlaíonn mar thoradh ar aistriú a sócmhainní lochtacha chuig NAMA a ionsú agus chun leibhéil chuí caipitil a choimeád. A mhéid is nach féidir caipiteal leordhóthanach a chruinniú go neamhspleách nó a ghiniúint go hinmheánach, tá sé ráite ag an Rialtas go bhfuil rún daingean aige i gcónaí leibhéal cuí caipitil a chur ar fáil do bhainc agus do chumainn fhoirgníochta dá leithéid.

Maidir leis an airgeadas poiblí, bhí tionchar an-mhór ag an gcrapadh sa gheilleagar ar an riocht fioscach i dtéarmaí caiteachais mhéadaithe agus fáltas cánach atá íslithe go géar. Méadaíodh an tionchar deireanach seo go mór os rud é go rabhthas ag brath níos mó i mblianta an bhorrtha ar chánacha atá an-íogair do dhálaí eacnamaíocha, go háirithe dálaí mhargadh na sócmhainní amhail luachanna agus idirbhearta mhargadh na réadmhaoine. Os rud é gur chlis ioncaim, ní mór anois cothromaíocht nua a bhaint amach idir chaiteachas agus cánachas. Cuireann scála an mhéadaithe i gcaiteachas poiblí i rith tréimhse an bhorrtha le scála an choigeartaithe atá riachtanach. Rinneadh iarrachtaí móra i dtaca leis seo, le bliain anuas, i bhfoirm sraith de bhearta móra comhdhlúthaithe atá glactha agus le glacadh amach anseo. Mar sin féin, tá a lán cinntí criticiúla eile le glacadh fós. Siad na rudaí is práinní ina measc siúd ná an gá chun leibhéal an chaiteachais phoiblí a choigeartú, bonn cánach níos cobhsaí agus níos iontaofa a chruthú agus an gá chun caiteachas a ailíniú tríd is tríd le himeacht ama leis an mbonn cánach athstruchtúraithe. Bainfidh roghanna deacra leis an bpróiseas coigeartaithe dosheachanta seo, i dtéarmaí cinntí maidir le hioncam agus caiteachas agus caithfear béim a chur ar chomh tábhachtach agus atá sé an costas a bhaineann le seirbhísí poiblí a chur ar fáil a ísliú agus bealaí a aimsiú chun na seirbhísí seo a chur ar fáil ar bhonn níos éifeachtúla.

Léiríonn ceisteanna fiachais freisin an gá atá ann chun cothromaíocht a athbhunú. Tá an riocht fioscach fad-téarmach claochlaithe ag an meathlúchán san easnamh fioscach atá ann le blianta beaga anuas, ag an ardú i leibhéal an fhiachais phoiblí agus ag na costais agus na neamhchinnteachtaí a bhaineann le tacaíocht d'earnáil na baincéireachta. I dteannta leis na

neamhchinnteachtaí a bhaineann le poitéinseal fáis an gheilleagair amach anseo, ciallaíonn sé seo go bhfuil gá le hardleibhéal stuamachta i bpleanáil fhioscach agus gur gá freisin an beartas buiséadach a bhunú ar an toimhde go mbeidh téarnamh measartha ann.

Má fhillimid ar an staid atá ann i láthair na huaire, tugann na sonraí is déanaí le tuiscint gur cosúil go mbeidh Easnamh an Rialtais Ghinearálta beagáinín níos mó i mbliana ná an sprioc de 10¾ faoin gcéad den OTI a leagadh síos sa Bhuiséad Forlíontach. Thar aon ní eile léiríonn sé seo gur cosúil go mbeidh easnamh ar thaobh an ioncaim. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an toradh don bhliain 2009 níos faide ná mar a bhí buiséadaithe ón sprioc de 3 faoin gcéad den OTI atá beartaithe don bhliain 2013 (mar a fógraíodh i mBuiséad Forlíontach Mhí Aibreáin). Is é an aidhm nádúrtha ná an coigeartú fioscach is gá a bhaint amach gan an t-athshlánú meántéarmach a chur i mbaol, agus leis an gcruatan is lú is féidir. Ag cur scála na méaduithe i rátaí úis a tharla le déanaí san áireamh, agus an titim i mórán praghsanna do thomhaltóirí le bliain anuas, b'fhéidir go mbeidh sé seo indéanta le hiontaoibh níos mó i gcoigeartaithe caiteachais ag an bpointe seo. Bheadh fócas ar chaiteachas a shrianadh ag teacht leis na ceachtanna a foghlaimíodh in Éirinn ins na 1980idí, agus freisin leis an fhianaise idirnáisiúnta, go bhfuil bearta comhdhlúthaithe atá dírithe agus curtha in ord tosaíochta go cúramach agus atá bunaithe ar chaiteachas de ghnáth níos éifeachtaí sa mheántéarma ná ró-iontaoibh as réitigh cáin-bhunaithe.

I dtaca leis seo, cuireann 'Tuarascáil an Ghrúpa Speisialta ar Uimhreacha na Seirbhíse Poiblí agus Cláir Chaiteachais' a foilsíodh le déanaí creatlach luachmhar ar fáil. Cé go bhfuil roinnt áirithe roghanna deacra íogaire beartais i gceist, tá coigiltí an-suntasacha ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil Éire ag dul sa treo ceart chun a cuid oibleagáidí faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis a chomhlíonadh in am trátha. Thabharfadh gníomhaíocht chinntitheach dá leithéid comhartha soiléir freisin d'infheisteoirí idirnáisiúnta le tairbhe do chostas iasachtaíochta an Rialtais agus do chostais maoinithe na mbanc.

Fáiltíonn an Banc roimh 'Thuarascáil an Choimisiúin um Chánachas' a foilsíodh le déanaí agus a dhéanann anailís luachmhar ar athchóirithe cánach. Tá géarghá ann bonn cánach na hÉireann a leathnú, go háirithe toisc go gcaithfear rátaí cánach a choinneáil íseal, gné a bhí mar chuid dhílis de tharraingteacht na hÉireann mar láthair d'infheistíocht dhíreach choigríche. Thairis sin, is léir anois go raibh an beartas fioscach ag brath ró-mhór ar chatagóirí cánach a chruthaigh go raibh siad éagobhsaí, agus a bhain den chuid is mó le margadh na tithíochta. Tugann an Banc dá aire na buntáistí geillegracha agus fioscacha a bhaineann le cáin réadmhaoine, a d'fhéadfadh foinse cobhsaí ioncaim a chur ar fáil gan cur isteach ar dhreasachtaí mhargaidh an tsaothair agus a chaithfí a dhearadh i dtreo is go mbeadh sé cothromasach agus praiticiúil. Thairis sin, tá sé tábhachtach go mbeadh pobal na hÉireann níos toilteanai glacadh leis an bprionsabal ''íoc mar a úsáidtear'' agus sa chomhthéacs seo dealraíonn sé go bhfuil na tograí le haghaidh cánach carbóin agus le haghaidh muirear uisce réasúnta, agus san am chéanna nach mbeadh drochthionchar acu ar mhargadh an tsaothair agus go gcothódh siad cothromas idir na glúnta agus éifeachtacht an gheilleagair.

Brathann luas agus fairsinge an téarnaimh gheilleagraigh freisin ar chomh tapa agus is féidir iomaíochas a athbhunú. Tá costais phá rí-thábhachtach anseo, go háirithe chun a chinntiú go mbaineann an fhostaíocht in Éirinn tairbhe as an téarnamh domhanda. Bhí an an méadú a tháinig ar tháirgeacht ar fud an gheilleagair cuíosach beag le blianta beaga anuas agus san am chéanna mhéadaigh meán-rátaí tuarastail go tapa i gcomparáid lenár bpríomhchomhpháirtithe trádála, go háirithe nuair a chuirtear gluaiseachtaí i rátaí malairte an euro in aghaidh steirling agus dollar na Stát Aontaithe san áireamh. Is é an meathlúchán seo in iomaíochas pá idirnáisiúnta a thugann le tuiscint go bhfuil srianadh pá inmhianaithe ag an bpointe seo má táthar chun an meath san fhostaíocht a aisiompú. Maolaíonn praghsanna atá ag titim le bliain anuas éifeachtaí an laghdaithe i bpá ainmniúil

dóibh siúd atá ag obair, agus san am chéanna cuidíonn siad chun a chinntiú go gcoimeádtar nó go gcrutháitear tuilleadh post. Caithfidh straitéis chun iomaíochas a athbhunú gníomhaíocht i réimsí éagsúla a chuimsiú, lena n-áirítear, costais phá agus neamhphá, feabhsuithe ar an mbonneagar a thugann tacaíocht d'fhás na táirgeachta, cur le hiomaíochas in earnálacha cosanta, leanúint de bheith ag cothú na nuálaíochta agus na gníomhaíochta T&F agus feabhsú leibhéal scileanna an lucht saothair.

Rud amháin atá deacair a thuiscint i dtaca leis seo le tamall anuas is ea an dibhéirseacht idir an comhartha a fuarthas ó roinnt mhaith fianaise ó shuirbhéanna, a thugann le tuiscint gur ghlac a lán gnólachtaí le bearta chun a gcostais a ísliú, lena n-áirítear laghduithe i rátaí pá a chomhaontú, agus na sonraí is déanaí maidir le tuillimh oifigiúla a chuireann in iúl go bhfuil luasghéarú i meán-tuillimh in aghaidh na huaire sa tionscal. B'fhéidir go bhfuil míniú amháin ar seo le fáil sna hathruithe i gcomhdhéanamh na fostaíochta, de bhri go bhfuil asleagain le feiceáil níos minicí i measc oibritheoirí ar phá íseal, rud a chuireann brú aníos ar an meánphá in aghaidh an fhostaí. Thairis sin, caithfear a bheith aireach os rud é gur gnáthach do shonraí a bhaineann le pá earnálach a bheith cuíosach luaineach agus gur dual dóibh a bheith leasaithe go suntasach.

I gcoitinne, chuir an 'Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochas', a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais le déanaí, in iúl gur lean praghsanna riaraithe de bheith ag méadú go tapa san bhliain atá thart, d'ainneoin gur íslíodh praghsanna agus pá i limistéir eile den gheilleagar. Sa chomhthéacs seo, bheadh sé tábhachtach go mbeadh na hearnálacha cosanta den gheilleagar faoi réir ag iomaíochas agus rialáil breise, go háirithe ins na réimsí seo: cúram sláinte, árachas sláinte, oideachas, fóntais agus iompar poiblí. Mar an gcéanna, tá táillí gairmiúla i roinnt earnálacha seirbhísí roghnaithe an-ard i gcónaí in Éirinn, rud a chuir an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus an tÚdarás Iomaíochta i bhfios go láidir.

Cé go gcaithfidh an geilleagar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an-mhóra faoi láthair, thaispeán an geilleagar arís agus arís eile go bhfuil sé sár-athléimneach agus solúbtha. Thairis sin, d'ainneoin go bhfuil an timpeallacht gheilleagrach an-suaite, tá cuid mhaith de láidreachtaí gheilleagar na hÉireann ann fós, go háirithe chomh fada is a bhaineann le lucht oibre ard-oilte inoiriúnaithe, geilleagar atá cuíosach solúbtha agus buntáiste comparáideach suntasach in earnálacha nua-aimseartha ard-táirgeachta. Má leanaimid ar an gcosán beartais cuí, tá an poitéinseal ag an ngeilleagar fás go láidir arís sa mheántéarma.

Geilleagar Idirnáisiúnta agus Geilleagar Limistéar an Euro

Tá feabhas tagtha ar dhálaí geilleagracha le míonna beaga anuas agus dealraíonn sé anois go bhfuil tús curtha anois le méadú sa ghníomhaíocht eacnamíoch dhomhanda, tar éis meathlaithe domhain eacnamaíochta. Bhi an meath a tharla san aschur domhanda sa ráithe deiridh den bhliain 2008 agus sa chéad ráithe de 2009 thar a bheith géar de réir mar a leath an rachlas sna margaí airgeadais chuig an fíorghealleagar. In aghaidh cúlra ina raibh cuid mhaith neamhchinnteachta, dálaí creidmheasa níos teinne agus laghdú géar i leibhéil muiníne, bualadh earnáil na déantúsaíochta go han trom agus thit an trádáil dhomhanda go mór. Ins na míonna dár gcionn, áfach, thosaigh leibhéil éilimh agus táirgeachta ag piocadh suas arís, á dtiomáint ag an bhfreagairt suntasach a tugadh ó thaobh beartais de. Tá bearta fadréimseacha glactha ag lucht déanta beartas chun an córas airgeadais a chobhsú agus san am chéanna gearradh rátaí úis chuig leibhéil an-ísle agus tugadh isteach pacáistí spreagthacha substaintiúla chun tacú leis an éileamh. Chuidigh na bearta seo chun gníomhaíocht eacnamaíoch a chobhsú sna geilleagair shárfhorbartha agus chun filleadh ar fhás i gcuid mhaith geallagar atá ag teacht chun cinn.

D'ainneoin an fheabhsaithe seo sna dálaí geilleagracha, tugann na hionchais le tuiscint i gcónaí nach dtarlóidh an téarnamh domhanda ach de réir a chéile. Táthar ag súil go mbeidh roinnt fachtóirí ag brú ar leibhéil na gníomhaíochta eacnamaíche ar feadh i bhfad. Tá an dífhostaíocht ag leibhéal ard cheana féin san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe agus os

rud é gur gnáthach go mbíonn an téarnamh i margadh an tsaothair chun deiridh i gcomparáid leis an gcuid eile den gheilleagar, táthar ag súil go méádóidh sé a thuilleadh. De bhrí go raibh an cor chun donais chomh mór sin chonacthas de réir a chéile go raibh cuid mhaith ró-acmhainneachta ann agus tógfaidh se roinnt mhaith ama chun é seo a ídiú, agus san am chéanna próiseas leanúnach le dí-ghiaráil éigin a bheidh i gcoigeartú na gclár comhardaite do theaghlaigh, agus do ghnólachtaí agus don earnáil airgeadais chomh maith. Tá feabhas tagtha ar na dálaí sna margai airgeadais i gcoitinne ó thús na bliana, ach tá deacrachtaí ag cur as do mhórán margaí fós, agus caithfear an tacaíocht mhór ó thaobh polasaí, a d'imir ról rí-thábhachtach chun leibhéil aschuir a chobhsú, a tharraingt siar de réir a chéile. Tá an t-ionchas seo go dtarlóidh téarnamh de réir a chéile corpraithe sna réamh-mheastacháin is déanaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Tar éis craptha de thart ar 1 faoin gcéad san OTI domhanda i mbliana, tá sé tuartha ag an CAI go mbeidh fás domhanda de thart ar 3 faoin gcéad ann sa bhliain 2010. Bheadh ráta fairsingithe dá leithéid go mór faoi bhun na leibhéal a thaifeadadh roimh an choir chun donais; bhí an meánfhás domhanda gar do 5 faoin gcéad san tréimhse ó 2005 go 2007.

Tá na rátaí boilscithe diúltach anois i roinnt tíortha, rud a léiríonn tionchar na mbunéifeachtaí a d'eascair ó phraghsanna fuinnimh. Táthar ag súil, áfach, gur feiniméan sealadach a bheidh ann, agus de réir mar a n-aisiompaítear na bunéifeachtaí seo, ba chóir go n-athródh an boilsciú go dtí boilsciú dearfach arís. Má bhreathnaítear níos faide ná na forbairtí neambhuana seo, dealraíonn sé go bhfanfaidh na brúnna boilscitheacha íseal. Léiríonn sé seo go bhfuil bearnaí suntasacha diúltacha san aschur, agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh téarnamh san fhás domhanda. Tá an dearcadh seo ag teacht leis na forbairti a tharla le déanaí sna croí-rátaí boilscithe — gan comhpháirteanna níos luainí an fhuinnimh agus an bhia a chur san áireamh — atá ag maolú le míonna beaga anuas.